Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/380

6.3.2025

**CINNEADH (AE) 2025/380 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 18 Feabhra 2025**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart é a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. DOMAŃSKI

---

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937, (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

*DRÉACHT*

**CHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. …**

**an …**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ([1]), arna cheartú le IO L, 2024/90275, 2.5.2024, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Agus na Stáit CSTE ag sainiú cé na tíortha a bheidh ar an liosta de dhlínsí neamh-chomhoibríocha ina reachtaíocht náisiúnta féin, tabharfaidh siad lánaird ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31q (Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31r. **32023 R 1114**: Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40), arna cheartú le IO L, 2024/90275, 2.5.2024.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir leis na téarmaí "Ballstát/Ballstáit" agus "údaráis inniúla", tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis inniúla ar áireamh iontu faoi seach, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

(b) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, comhoibreoidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus Údarás Faireacháin CSTE, malartóidh siad faisnéis agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile chun críocha an Rialacháin, go háirithe sula ndéanfaidh siad aon ghníomhaíocht.

(c) Tagairtí do chumhachtaí ÚBE faoi Airteagal 9(5) agus Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sa Rialachán seo, tuigfear go dtagraíonn siad, sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 31g den Iarscríbhinn seo agus i gcomhréir leis an bpointe sin, do chumhachtaí Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.

(d) Tagairtí do chumhachtaí ESMA faoi Airteagal 9(5) agus Airteagail 17 agus 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sa Rialachán seo, tuigfear go dtagraíonn siad, sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 31i den Iarscríbhinn seo agus i gcomhréir leis an bpointe sin, do chumhachtaí Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40.

(e) Tabharfaidh BCE cúnamh d'Údarás Faireacháin CSTE i gcomhlíonadh a chúraimí a bhaineann le tuairimí a eisiúint de bhun Airteagal 17(5), Airteagal 20(5), Airteagal 24(2), 24(3) agus Airteagal 25(3) agus meastacháin a sholáthar de bhun Airteagal 22(5) den Rialachán seo. Beidh sé d'aidhm ag BCE agus Údarás Faireacháin CSTE teacht ar chomhsheasamh maidir le hábhar na tuairime.

Mura féidir teacht ar chomhsheasamh agus má easaontaíonn BCE le tuairim Údarás Faireacháin CSTE nó leis an bhfaisnéis faoi na meastacháin, is féidir leis tuairim easaontach a chur faoi bhráid Chomhchoiste LEE. I gcás mar sin, féadfaidh Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh nó Coláiste Údarás Faireacháin CSTE a iarraidh ar na Páirtithe Conarthacha an t-ábhar a tharchur chuig Comhchoiste LEE a rachaidh i ngleic leis i gcomhréir le hAirteagal 111 de Chomhaontú LEE a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. D'ainneoin na míre seo, féadfaidh Páirtí Conarthach an t-ábhar a tharchur chuig Comhchoiste LEE tráth ar bith ar a thionscnamh féin i gcomhréir le hAirteagail 5 nó 111 den Chomhaontú seo.

(f) D'ainneoin oiriúnaithe (k), (l), (n), (p) agus (q), eiseoidh BCE tuairimí de bhun Airteagal 17(5), Airteagal 20(5) , Airteagal 24(2), 24(3) agus Airteagal 25(3) agus soláthróidh sé meastacháin de bhun Airteagal 22(5) d'údaráis inniúla Stáit CSTE LEE ina dtagraíonn an comhartha sócmhainn-tagartha don Euro. I gcásanna mar sin, ní eiseoidh Údarás Faireacháin CSTE tuairim.

(g) Cinntí, cinntí eatramhacha, iarrataí, cúlghairm cinntí agus bearta eile Údaráis Faireacháin CSTE faoi Airteagail 43(2), 44(3), 56(1), 57(3), 103(1), 104(1), 117, 122(1), 123(3), 124(5), 125, (1), 131(1), 132(1), agus 137(1), glacfar iad gan moill mhíchuí ar bhonn dréachtaí arna n-ullmhú ag ÚBE nó ESMA, de réir mar a bheidh, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'Údarás Faireacháin CSTE.

(h) Nuair a dhéantar tagairt sa Rialachán do bhainc cheannais náisiúnta, déanfar tagairt, a mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, don Aireacht Airgeadais i Lichtinstéin.

(i) In Airteagail 6, 19, 51, 67, 98, 109 agus 128, cuirfear na focail "forálacha Chomhaontú LEE nó forálacha an dlí náisiúnta" in ionad na bhfocal ' "dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta".

(j) In Airteagail 14(1) agus 34(6) agus pointe 33 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirfear na focail "na caighdeáin iomchuí de bhun Chomhaontú LEE" in ionad na bhfocal "caighdeáin iomchuí an Aontais".

(k) In Airteagal 17(5):

(i) sa chéad fhomhír, cuirfear na focail "agus, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, d'Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE";

(ii) sa dara agus sa tríú fomhír, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE";

(l) In Airteagal 20:

(i) i mír 4, cuirfear na focail "agus, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE";

(ii) i mír 5, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(m) In Airteagal 21(4), cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(n) In Airteagal 22(5), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(o) In Airteagal 23(2), cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(p) In Airteagal 24(2) agus (3), cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(q) In Airteagal 25:

(i) sa chéad fhomhír de mhír 3, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE";

(ii) sa dara fomhír de mhír 3 agus i mír 4, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(r) In Airteagal 43(2), (6) agus (7) cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(s) In Airteagal 43(4), cuirfear na focail "agus, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, d'Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(t) In Airteagal 43(5), cuirfear na fomhíreanna seo a leanas leis:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcás ina measann Údarás Faireacháin CSTE go gcomhlíonann comhartha sócmhainn-tagartha na critéir a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir le mír 2, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh chun an comhartha sócmhainn-tagartha a aicmiú mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin, d'údarás inniúil Stát CSTE baile an eisitheora, d'Údarás Faireacháin CSTE, do BCE agus i gcásanna dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4, do bhanc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann.

Eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin, na húdaráis inniúla, Údarás Faireacháin CSTE, BCE agus, i gcás inarb infheidhme, banc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann, beidh 20 lá oibre acu ón dáta a thabharfar fógra faoi dhréachtchinneadh ÚBE chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha sin a mheas go cuí roimh dréacht a ullmhú i bhfianaise cinneadh ar thaobh Údarás Faireacháin CSTE faoi mhír 6.".

(u) In Airteagal 43(8):

(i) sa chéad fhomhír, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha arna n-eisiúint ag eisitheoir ata bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) cuirfear na fomhíreanna seo a leanas leis:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcás ina measann Údarás Faireacháin CSTE nach gcomhlíonann comharthaí sócmhainn-tagartha áirithe na critéir a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir le mír 2 a thuilleadh, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh maidir le gan na comharthaí sócmhainn-tagartha a aicmiú mar 'suntasach' agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin, d'údarás inniúil Stát CSTE baile an eisitheora, d'Údarás Faireacháin CSTE, do BCE agus sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4, do bhanc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann.

Eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin, a n-údaráis inniúla, Údarás Faireacháin CSTE, BCE agus, i gcás inarb infheidhme, banc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann, beidh 20 lá oibre acu ón dáta a thabharfar fógra faoi dhréachtchinneadh ÚBE chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha sin a mheas go cuí roimh dréachtchinneadh a ullmhú d'Údarás Faireacháin CSTE faoi mhír 9.".

(v) In Airteagal 43(9) agus (10), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha arna n-eisiúint ag eisitheoir ata bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(w) In Airteagal 44(1), cuirfear na focail "agus, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, d'Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE";

(x) In Airteagal 44(2), cuirfear na fomhíreanna seo a leanas leis:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, laistigh de 20 lá oibre ón dáta a thabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh ina mbeidh a thuairim bunaithe ar an gclár oibríochta an gcomhlíonann an comhartha sócmhainn-tagartha ar a laghad trí cinn de na critéir a leagtar

amach in Airteagal 43(1), nó an dócha go gcomhlíonfaidh sé iad, agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin, d'údarás inniúil Stát CSTE baile an eisitheora, d'Údaráis Faireacháin CSTE agus do bhanc ceannais an Stáit CSTE ina bhfuil an t-eisitheoir is iarratasóir bunaithe, agus sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 43(4), do BCE nó do bhanc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann.

Údaráis inniúla eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin, Údarás Faireacháin CSTE, BCE agus, i gcás inarb infheidhme, banc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann, beidh 20 lá oibre acu ón dáta a thabharfar fógra faoin dréachtchinneadh sin chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha sin a mheas go cuí roimh dréachtchinneadh a ullmhú d'Údarás Faireacháin CSTE faoi mhír 3.".

(y) In Airteagal 44(3), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(z) In Airteagal 44(4), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(za) In Airteagal 45(4), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zb) In Airteagal 56(1), (5) agus (6) cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zc) In Airteagal 56(3), cuirfear na focail "agus, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, d'Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "BCE".

(zd) In Airteagal 56(4), cuirfear na fomhíreanna seo a leanas leis:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcás ina measann Údarás Faireacháin CSTE go gcomhlíonann comhartha ríomh-airgid na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1) i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh chun an comhartha ríomh-airgid a aicmiú mar chomhartha ríomh-airgid suntasach agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin, d'údarás inniúil Stát CSTE baile an eisitheora, d'Údarás Faireacháin CSTE, do BCE agus sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 3, do bhanc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann.

Eisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid sin, na húdaráis inniúla, Údarás Faireacháin CSTE, BCE agus, i gcás inarb infheidhme, banc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann, beidh 20 lá oibre acu ón dáta a thabharfar fógra faoin dréachtchinneadh sin chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha sin a mheas go cuí roimh dréacht a ullmhú i bhfianaise cinneadh ar thaobh Údarás Faireacháin CSTE faoi mhír 5.".

(ze) In Airteagal 56(7), cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE," isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zf) In Airteagal 56(8):

(i) sa chéad fhomhír, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid suntasacha arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) cuirfear na fomhíreanna seo a leanas leis:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcás ina measann Údarás Faireacháin CSTE nach gcomhlíonann comharthaí ríomh-airgid áirithe na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1) i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh maidir le gan an comhartha ríomh-airgid a aicmiú mar 'suntasach' a thuilleadh agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoir na gcomharthaí ríomh-airgid sin, d'údarás inniúil Stát CSTE baile an eisitheora, d'Údarás Faireacháin CSTE, do BCE, agus sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 3, do BCE nó do bhanc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann.

Eisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid sin, na húdaráis inniúla, Údarás Faireacháin CSTE, BCE agus banc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann, beidh 20 lá oibre acu ón dáta a thabharfar fógra faoi dhréachtchinneadh ÚBE chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha sin a mheas go cuí roimh dréacht a ullmhú i bhfianaise cinneadh ar thaobh Údarás Faireacháin CSTE faoi mhír 9.”.

(zg) In Airteagal 56(9) agus (10), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid suntasacha arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ÚBE”.

(zh) In Airteagal 57:

(i) i mír 1, cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le húdaráis inniúla Stáit CSTE, d’Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “BCE”;

(ii) i mír 2, cuirfear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

“A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, laistigh de 20 lá oibre ón dáta a thabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh ina mbeidh a thuairim bunaithe ar chlár oibríochta an eisitheora an gcomhlíonann an comhartha ríomh-airgid ar a laghad trí cinn de na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1), nó an dócha go gcomhlíonfaidh sé iad, agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d’eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin, d’údarás inniúil Stát CSTE baile an eisitheora, d’Údaráis Faireacháin CSTE, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír d’ Airteagal 56(3), do bhanc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann.

Údaráis inniúla eisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid sin, Údarás Faireacháin CSTE, BCE agus, i gcás inarb infheidhme, banc ceannais an Stáit LEE lena mbaineann, beidh 20 lá oibre acu ón dáta a thabharfar fógra faoin dréachtchinneadh sin chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha sin a mheas go cuí roimh dréacht a ullmhú i bhfianaise cinneadh ar thaobh Údarás Faireacháin CSTE faoi mhír 3.”.

(iii) i mír 3, cuirfear isteach na focail “nó, a mhéid a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE” i ndiaidh an fhocail “ÚBE”.

(iv) i mír 4, cuirfear na focail “nó, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ÚBE”.

(v) i mír 4, cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le heisitheoirí comhartha ríomh-airgid shuntasaigh, chuig Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “chuig ÚBE”.

(vi) i mír 5, cuirfear na focail “nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ÚBE”.

(zi) In Airteagal 59(2), cuirfear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

“Is in LEE a bheidh a n-áit bainistíochta éifeachtaí agus beidh cónaí ar dhuine amháin ar a laghad de na stiúrthóirí in LEE nó san Eilvéis.”.

(zj) In Airteagal 73(1), cuirfear na focail “caighdeáin cosanta sonraí de bhun Chomhaontú LEE” in ionad na bhfocal “caighdeáin cosanta sonraí an Aontais”.

(zk) In Airteagal 95:

(i) i mír 1, cuirfear na focail “agus Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ESMA”;

(ii) i mír 4, cuirfear na focail “agus, i gcás ina bhfuil údarás inniúil Stáit CSTE i gceist, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “ÚBE agus ESMA”;

(iii) i mír 5, cuirfear na focail “nó Údarás Faireacháin CSTE, a mhéid a bhaineann le cigireacht nó imscrúdú i Stát CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “ESMA” agus “ÚBE”.

(zl) In Airteagal 100, cuirfear na focail “fhrálacha Chomhaontú LEE nó gníomhartha reachtacha náisiúnta” in ionad na bhfocal “gníomhartha reachtacha an Aontais nó gníomhartha reachtacha náisiúnta”.

(zm) In Airteagail 103, 104 agus 105, cuirfear na focail "Chomhaontú LEE" in ionad na bhfocal "dhlí an Aontais".

(zn) In Airteagal 103(1) go (7), cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ESMA";

(zo) In Airteagal 104(1) go (7), cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zp) In Airteagal 110:

(i) i mír 4, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, a shainaithin Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh na bhfocal "thionscnamh féin";

(ii) i mír 5, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ESMA".

(zq) In Airteagal 111:

(i) i mír 1, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail "faoin 30 Meitheamh 2025" in ionad na bhfocal "faoin 30 Meitheamh 2024";

(ii) i mír 3, cuirfear na focail "forálacha Chomhaontú LEE" in ionad na bhfocal "dlí an Aontais".

(zr) In Airteagal 117:

(i) sa chéad fhomhír de mhír 1, cuirfear na focail "nó Údarás Faireacháin CSTE, a mhéid a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha arna n-eisiúint ag eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) sa dara fomhír de mhír 1 agus i míreanna 3, 4 agus 5, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zs) In Airteagal 119(2):

(i) cuirfear isteach an pointe seo a leanas:

"(n) Údarás Faireacháin CSTE.";

(ii) cuirfear an fhomhír seo a leanas leis:

"Rannpháirtíocht Údarás Faireacháin CSTE sna coláistí, beidh sí ar bhonn deonach, i gcásanna a bhaineann le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó comharthaí ríomh-airgid suntasacha atá bunaithe lasmuigh de Stáit CSTE.".

(zt) In Airteagal 120, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zu) In Airteagal 121, cuirfear isteach na focail "nó ag Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zv) In Airteagal 122:

(i) cuirfear isteach na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is é an méid seo a leanas a bheidh i bpointe (g) de mhír 3:

"sonróidh sé an ceart chun an cinneadh a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE lena athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.".

(zw) In Airteagal 123:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás eisitheoir atá bunaithe i Stát CSTE agus atá faoi réir imscrúdú, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 1, cuirfear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Oifigigh ÚBE agus daoine eile arna n-údarú ag ÚBE, beidh siad i dteideal cúnamh a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE i gcomhlíonadh a dhualgas faoin Airteagal seo agus tá sé de cheart acu páirt a ghlacadh in imscrúduithe arna iarraidh sin do ÚBE.";

(iii) i míreanna 2, 3, 4, 5, 6 agus sa chéad abairt de mhír 7, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail "Údarás Faireacháin CSTE" in ionad an fhocail "ÚBE";

(iv) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is é an méid seo a leanas a bheidh sa dara habairt de mhír 3:

"Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir an imscrúdaithe, na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 132 agus an ceart an cinneadh a chur faoi athbhreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.";

(v) sa dara habairt de mhír 7, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail "chomhad ÚBE agus Údaráis Faireacháin CSTE" in ionad na bhfocal "chomhad ÚBE";

(vi) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is é an méid seo a leanas a bheidh sa tríú habairt de mhír 7:

"Ní bheidh dlíthiúlacht chinneadh Údarás Faireacháin CSTE faoi réir a athbhreithnithe ach amháin ag Cúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE i gcomhréir leis an gComhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.".

(zx) In Airteagal 124:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás eisitheoirí ata bunaithe i Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 1, cuirfear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE an fhaisnéis arna fáil faoin Airteagal seo ar aghaidh gan moill mhíchuí chuig ESMA.";

(iii) i míreanna 2 go 10 agus sa chéad abairt de mhír 11, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail "Údarás Faireacháin CSTE" in ionad an fhocail "ÚBÉ";

(iv) i mír 2, cuirfear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

"Oifigigh ÚBE agus daoine eile arna n-údarú ag ÚBE, beidh siad i dteideal cúnamh a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE i gcomhlíonadh a dhualgas faoin Airteagal seo agus tá sé de cheart acu páirt a ghlacadh i gcigireachtaí ar an láthair arna iarraidh sin do ÚBE.";

(v) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is é an méid seo a leanas a bheidh sa dara habairt de mhír 5:

"Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir na cigireachta, an dáta a bheidh sí le tosú agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 132 mar aon leis an gceart an cinneadh a chur faoi athbhreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.";

(vi) sa dara habairt de mhír 11, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail "chomhad ÚBE agus Údarás Faireacháin CSTE" in ionad na bhfocal "chomhad ÚBE";

(vii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is é an méid seo a leanas a bheidh sa tríú habairt de mhír 11:

"Ní bheidh dlíthiúlacht chinneadh Údarás Faireacháin CSTE faoi réir a athbhreithnithe ach amháin ag Cúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE i gcomhréir leis an gComhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.".

(zy) In Airteagal 125:

(i) cuirfear isteach na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) cuirfear na focail "agus Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zz) In Airteagal 128, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(zza) In Airteagal 129:

(i) cuirfear na focail ", Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh chéad úsáid an fhocail "ÚBE";

(ii) cuirfear na focail ", d'Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh dara úsáid an fhocail "ÚBE";

(iii) cuirfear na focail "nó Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh tríú agus cheathrú úsáid an fhocail "ÚBE".

(zzb) In Airteagal 130:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 2, cuirfear isteach na focail "nó i gcás eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(iii) i mír 3, a mhéid a bhaineann leis na Stáit CSTE, is "Údarás Faireacháin CSTE" a bheidh ann in ionad an fhocail "ÚBE".

(iv) i míreanna 4 agus 5, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(v) i mír 6, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Tabharfaidh Údarás Faireacháin CSTE fógra gan moill mhíchuí faoi aon bheart a dhéantar de bhun mhíreanna 1 agus 2 d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó d'eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá bunaithe i Stát CSTE agus atá freagrach as an sárú agus cuirfidh sé an beart sin in iúl do na húdaráis inniúla, ÚBE, mar aon leis an gCoimisiún. Déanfaidh ÚBE agus Údarás Faireacháin CSTE aon chinneadh den sórt sin a nochtadh don phobal ar a suíomh gréasáin laistigh de 10 lá oibre ó dháta ghlactha an chinnidh, mura rud é go gcuirfeadh an nochtadh sin an chobhsaíocht airgeadais i mbaol go mór nó go mbeadh sé ina chúis le damáiste míréireach do na páirtithe atá i gceist. Ní bheidh sonraí pearsanta sa nochtadh sin.";

(vi) i mír 7, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Áireofar na ráitis seo a leanas le nochtadh ÚBE agus Údarás Faireacháin CSTE don phobal maidir le cinntí Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear i mír 6:

(a) ráiteas lena ndearbhófar ceart an duine atá freagrach as an sárú an cinneadh a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE lena athbhreithniú;

(b) i gcás inarb ábhartha, ráiteas lena ndearbhófar gur taisceadh athbhreithniú agus lena sonrófar nach bhfuil éifeacht fionraíochta ag an athbhreithniú sin;

(c) ráiteas lena ndearbhófar go bhfuil Cúirt Bhreithiúnais Stáit CSTE in ann cur i bhfeidhm an chinnidh a bhfuil conspóid ann ina leith a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 40 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.".

(zzc) In Airteagal 131:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó comhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 2, cuirfear na focail “nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh chéad úsáid an fhocail “ÚBE”;

(iii) i mír 2, cuirfear na focail “agus, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh dara húsáid an fhocail “ÚBE”.

(zzd) In Airteagal 132:

(i) cuirfear isteach na focail “nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE” i ndiaidh an fhocail “ÚBE”;

(ii) cuirfear isteach na focail “nó, de réir mar a bheidh, sa chinneadh ó Údarás Faireacháin CSTE” i ndiaidh na bhfocal “chinneadh ó ÚBE”.

(zze) In Airteagal 133:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na focail “agus Údarás Faireacháin CSTE” i ndiaidh an fhocail “ÚBE”;

(ii) i mír 4, cuirfear an fhomhír seo a leanas léi:

“Cinnfidh Buanchoiste na Stát CSTE leithdháileadh mhéideanna na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla arna mbailiú ag Údarás Faireacháin CSTE.”;

(iii) i mír 5, cuirfear isteach an fhomhír seo a leanas:

“I gcás ina gcinneann Údarás Faireacháin CSTE gan fíneálacha ná íocaíochta pionósacha a ghearradh, cuirfidh sé Buanchoiste na Stát CSTE agus údaráis inniúla an Stáit CSTE lena mbaineann ar an eolas agus leagfaidh sé amach na cúiseanna dá chinneadh.”.

(zzf) In Airteagal 134:

(i) i mír 1, cuirfear isteach an fhomhír seo a leanas:

“Más rud é, agus a fhreagrachtaí maoirseachta faoi Airteagal 117 á gcur i gcrích ag Údarás Faireacháin CSTE, go bhfuil forais shoiléire agus inléirithe ann le bheith in amhras go ndearnadh sárú, nó go ndéanfar sárú, mar a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI, ceapfaidh sé oifigeach neamhspleách imscrúdúcháin laistigh d’Údarás Faireacháin CSTE chun an t-ábhar a imscrúdú tar éis dul i gcomhairle le ÚBE. Ní bheidh an t-oifigeach imscrúdúcháin rannpháirteach go díreach ná go hindíreach sa mhaoirseacht ar eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó ar eisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha lena mbaineann, ná ní raibh sé rannpháirteach go díreach ná go hindíreach sa mhaoirseacht sin, agus comhlíonfaidh sé a chuid feidhmeanna go neamhspleách ar Choláiste Údaráis Faireacháin CSTE agus ÚBE.”;

(ii) i míreanna 4, 5 agus 7, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail “agus Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ÚBE”;

(iii) i míreanna 7 agus 9, cuirfear na focail “nó Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ÚBE”;

(iv) i mír 8, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is é an méid seo a leanas a chuirfear i ndiaidh na bhfocal “hAirteagal 135,”:

“cinnfidh Údarás Faireacháin CSTE an bhfuil sárú a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI déanta ag eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh faoi réir an imscrúdaithe agus, má tá, déanfaidh sé beart maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 130 nó déanfaidh sé fíneáil a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 131.

Cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE an fhaisnéis agus na comhaid ar fad is gá ar fáil do ÚBE chun a oibleagáid faoin mír seo a chomhlíonadh.”;

(v) i mír 11, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is “Údarás Faireacháin CSTE” a bheidh ann in ionad an fhocail “ÚBE”.

(zzg) In Airteagal 135:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

"Sula n-ullmhóidh ÚBE aon dréacht le haghaidh Údarás Faireacháin CSTE de bhun Airteagail 130, 131 nó 132, tabharfaidh sé an deis do na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe éisteacht a fháil faoina thorthaí. Is ar na torthaí sin a raibh an deis ag na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe a dtuairimí a thabhairt ina leith, agus ar na torthaí sin amháin, a bhunóidh ÚBE a dhréachtaí.

Is ar na torthaí sin a raibh an deis ag na daoine atá faoi réir na n-imeachtaí a dtuairimí a thabhairt ina leith, agus ar na torthaí sin amháin, a bhunóidh Údarás Faireacháin CSTE a chinntí de bhun Airteagail 130, 131 nó 132.";

(ii) i mír 2, cuirfear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

"Ní bheidh feidhm ag an dara agus an tríú fomhír de mhír 1 má tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun damáiste suntasach agus gardhamáiste don chobhsaíocht airgeadais nó do shealbhóirí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola, a chosc. Sa chás sin, féadfaidh Údarás Faireacháin CSTE cinneadh eatramhach a ghlacadh, agus tabharfar an deis do na daoine lena mbaineann éisteacht a fháil a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh.";

(iii) i mír 3, cuirfear na focail "chomhad ÚBE agus Údarás Faireacháin CSTE" in ionad na bhfocal "chomhad ÚBE";

(iv) i mír 3, cuirfear na focail "doiciméid réamhullmhúcháin inmheánacha ÚBE agus Údarás Faireacháin CSTE" in ionad na bhfocal "doiciméid réamhullmhúcháin inmheánacha ÚBE".

(zzh) In Airteagal 137(1), cuirfear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

"A mhéid a bhaineann le heisitheoirí comharthaí sócmhainní-tagartha suntasacha agus eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha atá bunaithe i Stát CSTE, gearrfaidh Údarás Faireacháin CSTE táillí ar an mbonn céanna le táillí a ghearrfar ar eisitheoirí eile comharthaí sócmhainní-tagartha suntasacha agus eisitheoirí eile comharthaí ríomh-airgid suntasacha i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an nGníomh Tarmligthe ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 3.

Déanfar na méideanna arna mbailiú ag Údarás Faireacháin CSTE i gcomhréir leis an mír seo a chur ar aghaidh chuig ÚBE gan moill mhíchuí.".

(zzi) In Airteagal 138:

(i) cuirfear isteach na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) cuirfear an mhír seo a leanas isteach:

"5. Sula ndéanfar cúram a tharmligean, rachaidh Údaráis Faireacháin CSTE agus ÚBE i gcomhairle le chéile.".

(zzj) In Airteagal 149:

(i) i mír 1, cuirfear na focail "nó ar dháta a ainmneofar faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. [uu/bbbb] an [mí/bliain] ó Chomhchoiste LEE (An cinneadh seo)" i ndiaidh an fhocail "Eorpaigh";

(ii) i mír 2, is é "dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. [uu/bbbb] an [mí/bliain] ó Chomhchoiste LEE (An cinneadh seo) nó dáta aarna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. [uu/bbbb] an [mí/bliain] (An cinneadh seo)" a bheidh ann in ionad na bhfocal "30 Nollaig 2024";

(iii) ní bheidh feidhm ag míreanna 3 agus 4, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.

(zzk) I bpointe 76 d'Iarscríbhinn V agus pointe 35 d'Iarscríbhinn VI, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, d'Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas le pointí 14 (Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), 31g (Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus 31i (Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32023 R 1114**: Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40), arna cheartú le IO L, 2024/90275, 2.5.2024.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2023/1114, arna cheartú le IO L, 2024/90275, 2.5.2024, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gceathrú lá déag tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*

(*) [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]